



New Liturgy

**Bulletin of the National Secretariat
for Liturgy**

**Spring/Summer/Autumn/Winter 2017
Nos. 173-174-175-176**

€12.00

MARIE WHELTON

An Leabhar Aifrinn Rómhánach

Cúlra agus Comhthéacs an Aistriúcháin Nua

Ar an gCéad Domhnach den Aidbhínt, 2017, foilseoidh Veritas eagrán altóra nua den Leabhar Aifrinn Rómhánach. Is é cuspóir an ailt ghearr seo ná cúlra agus comhthéacs an aistriúcháin nua a rianú.

In *Lumen Gentium* dearbhaítear gurb í an Eochairist ‘bun agus buaic na beatha Críostaí’ (LG, 11) agus in *Sacrosanctum Concilium* is mar seo a dhéantar cur síos ar bhrí agus ar thábhacht na hEochairiste i saol na heaglaise:

Bhunaigh ár slánaitheoir Íobairt Eocairisteach a Choirp agus a Fhola féin an oíche ar braitheadh é. Amhlaidh sin a bhuanódh sé, ar feadh na n-aoiseanna go dtiocfadh sé, Íobairt na Croise, agus a d’fhágfadh sé ag a chéile ionúin, an Eaglais, gníomh cuimhne a bháis agus a Aiséirí: sacraimint ghrá, comhartha aontachta, ceangal carthanachta, fleá na Cásca ina nglactar Críost agus ina líontar an aigne de na grásta agus ina dtugtar dúinn gealltanais na glóire atá le teacht. (SC, 47).

An tAifreann i Saol na hEaglaise

Tá an tuiscint sin ar thábhacht agus ar dhínit an Aifrinn soiléir ó thús na Críostaíochta ní hamháin i ndoiciméid oifigiúla na heaglaise uilí ach tá sí soiléir, freisin, i dtéacsanna agus i gcleachtais na heaglaise áitiúla. Sampla téacsach amháin is ea *Leabhar Aifrinn Thamhlachta* (nó *Leabhar Aifrinn Stowe*), is é sin an leabhar aifrinn Laidine a bhfuil míniú i nGaeilge ar an Aifreann ann, a scríobhadh timpeall na bliana ocht gcéad

tríocha. Is sampla é a léiríonn na gnása Aifrinn a bhíodh ag Éireannaigh níos mó ná míle bliain ó shin agus an cúram a tógadh ag an am an Eocairist a cheiliúradh chomh maith agus ab fhéidir (Ó Murthuile, Seosamh, *Briathra Beannaithe An Aifrinn*, lch 5). Is é an tAifreann barrchéim na beatha Críostaí, freisin, sna paidreacha dúchais agus deirtear i gceann amháin de na paidreacha nach bhfuil ‘ní ar bith sa saol seo níos fearr’ ná é (Ó Laoghaire, Diarmuid, *Ár bPaidreacha Dúchais*, lch 23). Feictear an meas céanna ar an Aifreann i dtraidisiúin áitiúla na ndaoine ar nós “Aifreann an Stáisiúin”. Is é sin an nós a bunaíodh aimsir na bpéindlithe Aifreann a cheiliúradh go rialta i ndlúthshuíomh an tí phríobháidigh (feic McConvery, Brendan, ‘The Station Mass’, *Treasures of Irish Christianity: People and Places, Images and Texts*, Salvador Ryan agus Brendan Leahy (eag.), lch 161). Sna ceántair ina bhfuil an traidisiún fós á chleachtadh, is iondúil go ndéantar an teach a ghlanadh agus a ullmhú do “Na Stáisiúin”, rud a dhéanann macalla ar an tslí ar ullmhaíodh an seomra uachtarach don suipéar deireanach, agus is iondúil, freisin, go gcaitheann na daoine a bhíonn rannpháirteach in “Aifreann an Stáisiúin” béile speisialta le chéile. Teach le chéile de chairde agus de ghaolta is ea é a léiríonn tuiscint i measc na ndaoine ar an Aifreann mar shacraimint ghrá, mar chomhartha aontachta, mar ghníomh cuimhne ar bhás agus ar aiséirí Chríost agus mar ghníomh cuimhne ar chreideamh ár sinsear, ag am na géarleanúna.

Maidir leis na téacsanna a léitear agus a ghuítear ag an Aifreann, ba sa bhliain 1474 a foilsíodh na téacsanna sin le chéile den chéad uair faoin teideal *Missale Romanum* (is é sin *An Leabhar Aifrinn Rómhánach*). Mar is léir ón teideal, is sa Laidin atá na téacsanna ann. Cé gur glacadh tar éis Chomhairle Thríonta, leis na téacsanna sin mar théacsanna oifigiúla, is leor sracfhéachaint a thabhairt ar stair liotúirge an Aifrinn le fáil amach gur tháinig athruithe orthu thar na blianta. Mar a deir Seosamh Ó Murthuile: ‘cé gurb é an tAifreann céanna i gcónaí é, is iomaí athrú a tháinig ar chuid dá ghnása ó ré go chéile’ (lch 5). Le linn ár n-aoise féin, bhí tionchar suntasach ag an Dara Comhairle Vatacánach ar athbheochan Liotúirge an Aifrinn.

Theastaigh ón gComhairle go mbeadh an pobal in ann páirt a ghlacadh ‘go beo bríomhar tuisceanach’ (SC, 48. Leagan Gaeilge luaite in Ó Muirthuile, lch 6) in urnaithe agus i ndeasghnátha an Aifrinn agus tar éis na Comhairle cuireadh leagan amach nua ar an liotúirge agus rinneadh athchóiriú ar *Missale Romanum*. Tháinig an chéad eagrán athbhreithnithe amach sa bhliain 1970 ach rinneadh athbhreithniú eile air go luath agus tháinig an dara heagrán amach sa bhliain 1975. Ina theannta, sin rinneadh cinneadh *Missale Romanum* a aistriú chuig na teangacha dúchais agus d’fhoilsigh An Sagart aistriúchán Gaeilge de sa bhliain 1973 agus eagrán athbhreithnithe sa bhliain 1975.

Aistriúchán Gaeilge ar an Tríú hEagrán de *Missale Romanum*

Ach, bíonn tuiscintí maidir le cúrsaí aistriúcháin ag teacht ar aghaidh an t-am go léir, agus thar na blianta tháinig forbairt, freisin, ar thuiscint agus ar fhealsúnacht na hEaglaise maidir le cúrsaí aistriúcháin. De bharr na forbairte sin, nach mór daichead bliain ar aghaidh ón Dara Comhairle Vatacánach, i mBliain na hIubhaile, 2000, d’fhógair An Pápa (Naomh) Eoin Pól a Dó go mbeadh an tríú heagrán de *Missale Romanum* á fhoilsiú go luath, eagrán a foilsíodh sa Laidin sa bhliain 2002. Idir an dá linn, i Mí Aibreáin 2001, d’fhoilsigh an Chuallacht um Dheabhóid Dhiaga agus um Dhisciplín na Sacraimintí *Liturgiam Authenticam*. Ba é sin an cúigiú teagasc iar-chomhairle maidir leis an liotúirge, teagasc a thug treoracha údarásacha maidir le haistriú téacsanna liotúirgeacha chuig na teangacha dúchais. Bhí sé d’aidhm ag na treoracha a chinntiú go ndéanfaí aistriúcháin ní ba litriúla ar na téacsanna, go mbeadh na téacsanna ní ba ghaire dá mbunfhoinsí Bíobalta agus go mbeidís saor ó roghanna ró-shuibíachtúla an aistritheora aonair.

Chun na haidhmeanna sin a bhaint amach mhol *Liturgiam Authenticam* do na Comhdhálacha Aitiúla Easpag foireann d’aistritheoirí a fháil. Moladh go mbeadh saineolaithe teanga, saineolaithe diagachta, cainteoirí dúchais agus ceoltóirí i measc na n-aistritheoirí agus go n-oibreodh na haistritheoirí le chéile seachas ina n-aonair. Anuas air sin, dúradh go mbeadh an

piarmheasúnú ina ghné riachtanach den phróiseas aistriúcháin agus go mbeadh ar aistritheoirí a thaispeáint go raibh siad réidh glacadh le hathbhreithniú ar a gcuid oibre. Cur chuige comhoibríoch, cur chuige a tharraingeodh ar eolas agus ar ghaois Phobal Dé, a bhí á mholadh d’fhonn an téacs ba chruinne a chur ar fáil sa teanga dúchais. B’uailmhianach an tasc a bhí á mholadh agus b’uailmhianaí fós an próiseas oibre comhshaothrach a bhí á mholadh.

Ní haon ionadh é, dá bhrí sin, go dtógfadh sé blianta an próiseas aistirúcháin go Gaeilge a chur i gcrích. Ceithre bliana déag san iomlán a thóg sé – cuireadh tús leis an obair sa bhliain 2003 agus is sa bhliain 2017 a chuirtear an téacs iomlán ar fáil. I rith an ama sin d’oibrigh meitheal mhór de scoláirí teanga, de dhiagairí agus de chainteoirí dúchais i gcomhar lena chéile ar an aistriúchán. Ba é Coiste Comhairleach na nEaspag Caitliceach um an Liotúirge i nGaeilge a sholáthar an bunaistriúchán, coiste a raibh An Moinsíneoir Pádraig Ó Fiannachta (méadú ar a ghlóir sna flathis) ina chathaoirleach air go dtí 2011. Idir 2011 agus 2014, rinne Coiste *Sapienti* (Coiste Rómhánach den Chuallacht um Dheabhóid Dhiaga agus um Dhisciplín na Sacraimintí) léirmheas ar an aistriúchán. Ba é An tArdeaspag Mícheál Ó Nearaigh, Ardeaspag Thuama, cathaoirleach an choiste sin. Ón mbliain 2014 i leith tá Colette Dower, ón gcomhlacht foilsitheoireachta Veritas, tar éis a bheith ag comhoibriú le foireann eagarthóirí chun clóchuradóireacht a dhéanamh ar an téacs. Thar aon ní eile, is cruthúnas é *An Leabhar Aifrinn Rómhánach* nua ar an méid is féidir a bhaint amach tríd an gcomhoibriú leanúnach. Na daoine sin go léir a bhí páirteach sa tionscadal mar bhaill den dá choiste éagsúla, thug siad go fial óna gcuid ama agus chuir siad nithe pearsanta de leataobh chun díriú ar an obair. Is feiliúnach a gcuid oibre a thréaslú leo anseo agus ní foláir, freisin, na hinstiúidí éagsúla ina bhfuil baill na gcoistí ag obair a lua as éascú a dhéanamh ar a bhfreastal ar chruinnithe a bhíodh ar siúl go minic ag amanna oibre.

Tá beirt a thuilleann aitheantas poiblí ar leith. An chéad duine ná An tOllamh Cathal Ó Háinle (Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath), atá ina bhall de Choiste Comhairleach na nEaspag

um An Liotúirge i nGaeilge ón mbliain 2006 agus a sholáthair cuid mhór den bhunaistriúchán a pléadh ag cruinnithe an choiste chomhairligh sin. Ina theannta sin, le dhá bhliain anuas, chuir sé comaoin mhór ar *An Leabhar Aifrin Rómhánach* nua ag céim dheireanach an phróisis, is í sin céim an fhoilsithe. Roinneadh sé a shaineolas, ar théacsanna liotúirgeacha agus ar chúrsaí teangeolaíochta, go flaithiúil tríd an bpróiseas go léir agus bhíodh sé i gcónaí oscailte do thuairimí na mball eile den choiste.

An dara duine ná An tAthair Pádraig Ó Fiannachta. Ó chuaigh sé ar shlí na fírinne anuraidh, is iomaí comórtha atá déanta ar a shaol agus ar a shaothar. Ní gá tagairt arís anseo don ardmheas a bhíodh air mar scoláire Gaeilge ach i gcomhthéacs fhoilsíú *An Leabhar Aifrin Rómhánach* tá sé tábhachtach an oidhreacht shuaithinseach a d'fhág sé ar théacsanna liotúirgeacha Gaeilge a cheiliúradh. D'oibrigh sé i gcomhar le scoláirí eile chun an chéad agus an dara heagrán den *Leabhar Aifrin Rómhánach* a chur ar fáil sna seachtóidí agus, ar ndóigh, ba é a rinne eagarthóireacht ar *An Bíobla Naofa* a foilsíodh sa bhliain 1981. Ba Chathaoirleach é ar Choiste Comhairleach na nEaspag Caitliceach um an Liotúirge i nGaeilge ó 1993 go 2011. Agus é ina chathaoirleach ar an gcoiste sin ullmhaíodh sé théacs shubstaintiúla don chló – an t-eagrán Gaeilge nua seo de *Missale Romanum* ina measc. Ní haon áibhéil é a rá go mbeidh an Liotúirge Ghaeilge faoi chomaoin aige go deo.

Dea-thorthaí an Aistriúcháin Nua

Maidir leis an aistriúchán féin, toisc *Ord an Aifrin* a bheith in úsáid ag pobail Ghaeilge in Éirinn ó Aidhbhaint 2011, tá sé tugtha faoi deara ag léitheoirí nach bhfuil mórán athruithe substaintiúla ar na paidreacha a deir an pobal ag gach Aifreann. Rud a léiríonn, is dócha, go ndearnadh aistriúchán an-chruinn ar na paidreacha sin sna heagrán Ghaeilge den *Leabhar Aifrin Rómhánach* a tháinig amach sna seachtóidí. Níl sé i gceist agam anailís a dhéanamh anseo ar mhionsonraí an aistriúcháin nua, is cinnte go ndéanfaidh taighdeoirí Gaeilge, agus taighdeoirí i ndisciplín an liotúirge, comparáid agus codarsnacht idir na heagrán amach

anseo. Is leor sampla amháin chun dea-thorthaí an phróisis aistriúcháin nua a léiriú. Deireadh An tAthair Ó Fiannachta go minic gurbh é an t-athrú is suntasaí, b'fhéidir, ar phaidreacha an phobail, ná an t-aistriúchán ar '*et cum spiritu tuo*'. Is é sin freagra an phobail ag tús an Aifrin, ag tús an tSoiscéil, ag an bPreafáid, ag Beannú na Síochána agus ag an deireadh. De réir threoracha *Liturgiam Authenticam*, cuireadh aistriúchán ní ba litriúla air sin ionas go mbeadh sé ar aon dul le beannú Naomh Pól - beannú a dhearbhaíonn creideamh i láithreachta Chríost sa duine eile agus a dhearbhaíonn go dteastaíonn ón bpobal Críostaí a shaol a chaitheamh faoi choimirce an Spioraid Naoimh. Tabharfar faoi deara gurbh é 'agus le do spiorad' atá san eagrán altóra nua. Is sampla é a léiríonn gur féidir leis an dílseacht do bhunfhoinsí bíobalta, agus an t-aistriúchán litriúil, ár dtuiscint ar chodanna den Eochairist a dhóimhniú.

Dea-thoradh eile a bheidh ar fhoilsíú an eagrán nua seo ná go gcothóidh sé an Ghaeilge mar theanga bheo urnaí sa Ghaeltacht agus lasmuigh den Ghaeltacht sna blianta amach romhainn. Le fás an chórais ghaelscolaíochta, tá sé níos coitianta anois Aifreann Gaeilge a bheith ar siúl sa Ghalltacht agus cuideoidh an t-eagrán seo le paróistí Aifrin Ghaeilge a chur ar fáil go héasca, rud a chuirfidh ní hamháin le buanú an Aifrin ach le buanú na Gaeilge mar theanga phobail agus oidhreachta.

Focal Scoir

Mar a luadh thuas, is é an tAifreann croí na beatha Críostaí. Aontaítear sinn le Chríost agus lena chéile ag an Aifreann, agus bíonn de chumhacht aige sinn a chlachló ionas go mairimid i gCríost agus ionas go maireann Críost ionainn. Mar a deir Naomh Eoin: 'An té a itheann m'fheoil agus a ólann m'fhuil, cónaíonn sé ionamsa agus cónaimse ann' (*Eoin* 6:56). Sa chomhthéacs sin, fearaim fíorchaoín fáilte roimh an aistriúchán nua seo a bheidh ar fáil go luath do phobail Ghaeilge ar fud na tíre, agus ar fud an domhain, agus go raibh beannacht orthu siúd a bheidh rannpháirteach sna hAifrin a léifear as.